**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0178/2023**

4.5.2023

# TUARASCÁIL

maidir le gnéaschiapadh in AE agus meastóireacht MeToo
(2022/2138(INI))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéir: Michal Šimečka

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................20

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........21

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le gnéaschiapadh in AE agus meastóireacht MeToo**
**(2022/2138(INI))**

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

– ag féachaint d'Airteagail 8, 10, 19, 83, 153 agus 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint d'Airteagail 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl'),

– ag féachaint do Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh (Uimh. 190) agus don Mholadh maidir le Foréigean agus Ciapadh (Uimh. 206) agus do na príomhfhorálacha de,

– ag féachaint do Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha[1],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais[2] ('an Treoir maidir le cosaint do lucht sceite eolais'),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025 [Aontas Comhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025] (COM(2020)0152),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal 'A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025' [Aontas Comhionannais: Straitéis um Chomhionannas LADTIA 2020-2025] (COM(2020)0698),

– ag féachaint do rún uaithi an 26 Deireadh Fómhair 2017 maidir le gnéaschiapadh agus mí-úsáid ghnéasach san AE a chomhrac[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Meán Fómhair 2018 maidir le bearta chun mabáil agus

---

[1] IO L 204, 26.7.2006, lch. 23.
[2] IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.
[3] IO C 346, 27.9.2018, lch. 192.

gnéaschiapadh san ionad oibre, i spásanna poiblí agus i saol polaitiúil AE a chomhrac[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Samhain 2019 maidir le haontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl agus bearta eile chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le gné na hinscne i ngéarchéim COVID-19 agus sa tréimhse iar-ghéarchéime[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 ar Stráitéis AE maidir le Comhionannas Inscne[7],

– ag féachaint don rún uaithi an 06 Nollaig 2021 maidir le moltaí don Choimisiún maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac: cibearfhoréigean[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Nollaig 2021 maidir le MeToo agus ciapadh – na hiarmhairtí do na hinstitiúidí AE[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Feabhra 2023 a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac. Aontachas leis an Aontas Eorpach[10],

– ag féachaint don tuarascáil maidir le hInnéacs Comhionannais Inscne 2022 ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don staidéar comhpháirteach idirnáisiúnta ó mhí na Nollag 2022 maidir le foréigean agus ciapadh ag an obair[11],

– ag féachaint do thuarascáil ón Ombudsman Eorpach an 17 Nollaig 2018 ar dhínit ag an obair in institiúidí agus gníomhaireachtaí AE,

– ag féachaint do Chinneadh ón mBiúró an 2 Iúil 2018 ar fheidhmiú an choiste chomhairligh a dhéileálann le gearáin chiaptha a bhaineann le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus a nósanna imeachta chun déileáil le gearáin,

– ag féachaint do Riail 10(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint d'Iarscríbhinn II a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta dar teideal 'Cód iompair iomchuí d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa i bhfeidhmiú a gcuid dualgas',

– ag féachaint d'Airteagal 12a de Rialacháin Foirne AE,

---

[4] IO C 433, 23.12.2019, lch. 31.
[5] IO C 232, 16.6.2021, lch. 48.
[6] IO C 456, 10.11.2021, lch. 191.
[7] IO C 456, 10.11.2021, lch. 208.
[8] IO C 251, 30.6.2022, lch. 2.
[9] IO C 251, 30.6.2022, lch. 138.
[10] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0047.
[11] An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), Lloyd's Register Foundation, *Taithí ar fhoréigean agus ar chiapadh ag an obair: an chéad suirbhé domhanda*, 2022.

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0178/2023),

A. de bhrí gur bunluach de chuid AE é an comhionannas inscne a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus nach mór é a phríomhshruthú i mbeartais, gníomhaíochtaí agus cláir uile AE; de bhrí gur ceart bunúsach é an ceart chun córa comhionainne agus chun neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear sna Conarthaí agus in Airteagail 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus gur cheart é a urramú go hiomlán; de bhrí go bhfuil an ceart chun sláine an duine fíorthábhachtach faoi Airteagal 3 den Chairt;

B. de bhrí go bhfuil foréigean inscnebhunaithe de gach cineál, lena n-áirítear gnéaschiapadh, ina chúis agus ina iarmhairt ar neamhionannas inscne, ar idirdhealú agus ar shárú ar chearta an duine; de bhrí gur bac tromchúiseach é ar rannpháirtíocht na mban, na gcailíní agus na n-íospartach eile i ngach réimse den saol príobháideach agus poiblí, rud a fhágann nach bhfuil siad in ann leas iomlán a bhaint as a gcearta agus as a saoirsí bunúsacha; de bhrí gur réamhriachtanas é díothú an fhoréigin inscnebhunaithe chun fíor-chomhionannas inscne a bhaint amach; de bhrí, chun foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear gnéaschiapadh, a chosc agus a chomhrac, go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaidh AE agus na Ballstáit dul chun cinn suntasach i dtreo comhionannas inscne a bhaint amach trí ghníomhaíocht nithiúil agus trí phríomhshruthú inscne agus buiséadú inscne a chur chun feidhme go hiomlán i ngach réimse beartais agus sa chinnteoireacht;

C. de bhrí go sainmhínítear gnéaschiapadh i ndlí AE mar ‘iompar neamh-inmhianaithe ó bhéal, neamhbhriathartha nó fisiceach de chineál gnéasach... chun dínit duine a shárú, go háirithe nuair a chruthaítear timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, tháireach, náireach nó mhaslach’; de bhrí nach bhfuil reachtaíocht reatha AE éifeachtach go leor chun na feiniméin sin a chosc agus a chomhrac sa chleachtas; de bhrí go bhfuil gá le reachtaíocht AE níos láidre maidir le foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus an reachtaíocht maidir le ciapadh agus gnéaschiapadh a leathnú lasmuigh den timpeallacht oibre, i gcomhréir le Coinbhinsiún Iostanbúl, chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar an tsaincheist sin i ngach réimse den saol agus den tsochaí; de bhrí go gcumhdaítear leis an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta an ceart gan idirdhealú a dhéanamh ina choinne, ná a bheith faoi réir ciaptha, i gcomhthéacsanna fostaíochta ar bhonn gnéaschlaonta[12]; de bhrí go sonraítear sna ‘Treoracha maidir le Comhionannas Inscne’ go bhfuil ciapadh bunaithe ar ghnéas agus gnéaschiapadh ag an obair agus maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí contrártha do phrionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná; de bhrí go sainmhínítear ‘gnéaschiapadh ag an obair’ sa togra le haghaidh treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban mar aon chineál iompair neamh-inmhianaithe ó bhéal, neamhbhriathartha nó fisiceach de chineál gnéasach, i gcás ina dtarlaíonn sé le linn cúrsaí fostaíochta, slí bheatha agus féinfhostaíochta, nó a bhaineann leo nó a eascraíonn astu, lena n-áirítear caidrimh seirbhíse dóibh siúd atá i gcomhréir le dualgas, leis an gcuspóir nó leis an éifeacht a bhaineann le dínit an íospartaigh a shárú, go háirithe nuair

[12] Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

a chruthaítear timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, tháireach, uiríslithe nó mhaslach, lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidtear an iompar sin go sainráite nó go hintuigthe mar bhonn do chinntí a bhaineann le post; de bhrí gur ábhar tromchúiseach sláinte agus sábháilteachta é foréigean gnéasach agus ciapadh san ionad oibre agus gur cheart déileáil leis amhlaidh agus é a chosc;

D. de bhrí gur cineál foréigin inscnebhunaithe é an gnéaschiapadh agus gur fíorchineál idirdhealaithe inscnebhunaithe é a bhfuil tionchar díréireach aige ar mhná agus ar chailíní; de bhrí gur fir iad déantóirí gnéis den chuid is mó; de bhrí gur minic a bhíonn baint ag ciapadh le cineálacha eile idirdhealaithe sa bhreis ar idirdhealú inscnebhunaithe agus nach mór aghaidh a thabhairt air le cur chuige trasnach agus ó gach gné de; de bhrí nach mór gnéaschiapadh a thuiscint i bhfianaise chumhacht na bhfear agus chaighdeán inscne níos leithne, ós rud é gur iarmhairt é ar steiréitíopaí inscnebhunaithe, ar struchtúir heitreatriarchacha, ar neamhionannais struchtúracha agus institiúideacha agus ar ghnéasachas atá fréamhaithe i ndáileadh éagothrom na cumhachta idir mná agus fir sa tsochaí agus sa saol oibre; de bhrí go bhfuil gá le gnéithe éagsúla chun tuiscint a fháil ar cad a chruthaíonn coincheapa níos fearr agus níos ísle, sa tsochaí agus sa saol oibre; de bhrí gur féidir leis a léiriú ina lán foirmeacha éagsúla agus gur féidir leis tarlú i go leor suíomhanna sóisialta éagsúla amhail sa bhaile, san ionad oibre, sa chóras oideachais, sa réimse ar líne agus sa spás poiblí, lena n-áirítear ciapadh sráide agus go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha aige ar gach gné den tsochaí; de bhrí go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha ag ciapadh san oideachas ar chumas foghlama mac léinn, ar a sláinte fhisiciúil agus ar a meabhairshláinte agus go bhfuil impleachtaí ar feadh an tsaoil aige, amhail gnéaschiapadh a normalú; de bhrí go bhfuil gné inscneach ag baint leis le líon díréireach ban agus cailíní a ndéantar gnéaschiapadh orthu lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, ionsaí gnéasach agus éigniú; de bhrí go mbaineann gnéaschiapadh an bonn den chomhionannas ag an obair agus go dtreisíonn sé steiréitíopaí maidir le cumais agus mianta na mban; de bhrí go bhféadfadh éifeacht tosta agus tionchar diúltach a bheith ag gnéaschiapadh ar phá na n-íospartach, ar dhul chun cinn gairme agus ar dhálaí oibre, agus go bhféadfadh sé daoine aonair a thiomáint amach as saol na hoibre; de bhrí go bhfuil gluaiseacht MeToo tar éis feasacht an phobail a ardú maidir le mí-úsáid comhaontuithe neamhnochta (NDAnna) i gcomhthéacs an ghnéaschiaptha chun cosc a chur ar íospartaigh labhairt amach agus gur ábhar imní fós é nach mór aghaidh a thabhairt air; de bhrí go rannchuidíonn gnéaschiapadh freisin le níos lú ban atá ag dul isteach i margadh an tsaothair nó atá fágtha ann, rud a chuireann leis an mbearna rannpháirtíochta sa lucht saothair, agus go n-íoctar níos lú ná fir le mná agus, ar an gcaoi sin, gur measa an bhearna phá idir na hinscní;

E. de bhrí go ndearnadh gnéaschiapadh ar bhean amháin as gach beirt (55 %) in AE uair amháin ar a laghad ó 15 bliana d’aois; de bhrí gur fhulaing níos mó ná duine amháin as gach cúigear (beagnach 23 faoin gcéad) foréigean agus ciapadh, bíodh sé fisiciúil, síceolaíoch nó gnéasach, san ionad oibre, go minic i bhfad ó bheith ina dtimpeallacht shábháilte agus mheasúil; de bhrí go bhféadfadh ciapadh agus íospartaigh a bheith d’aon ghnéas nó d’aon inscne; de bhrí go bhfuil mná, cailíní, daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, scuaine nó ceistiúcháin, idirghnéasacha agus níos mó (daoine LADTIA+) agus grúpaí leochaileacha eile go háirithe neamhchosanta

agus díréireach[13]; de bhrí go bhfuil gá le sonraí níos anaithnidithe chun miondealú na gcásanna ciaptha a thuiscint, go háirithe agus é á chur san áireamh go n-oibríonn go leor fostaithe LADTIA+ i dtimpeallacht ina bhfuil claontacht agus naimhdeas ag brath; de bhrí go bhfuil éagsúlacht ann idir na Ballstáit maidir le cion na mban a d'oibrigh riamh agus a d'fhulaing iompar gan iarraidh lena mbaineann fochiall ghnéasach san ionad oibre, ó 11 % go 41 %[14]; de bhrí go dtarlaíonn formhór an ghnéaschiaptha san ionad oibre idir comhghleacaithe agus go mbaineann go leor cásanna le hordlathas na bhfear; de bhrí gur dúirt 32 % de na híospartaigh go léir in AE gur comhghleacaí uachtarach, comhghleacaí nó custaiméir déantóir na coire; de bhrí go ndearnadh gnéaschiapadh ar 75 % de mhná i ngairmeacha a dteastaíonn cáilíochtaí nó poist ardbhainistíochta uathu; de bhrí go ndearnadh gnéaschiapadh ar 61 % de na mná atá fostaithe in earnáil na seirbhíse[15]; de bhrí go bhfuil a dhá oiread seans ann gur fhulaing fir óga foréigean gnéasach agus gnéaschiapadh, agus go raibh mná imirceacha beagnach dhá oiread níos dóchúla ná mná nach mná imirceacha iad foréigean gnéasach agus ciapadh a thuairisciú; de bhrí gur féidir idirdhealú inscnebhunaithe, lena n-áirítear gnéaschiapadh, a ghéarú i gcás ina dtrasnaíonn sé le hidirdhealú bunaithe ar fhorais eile a thoirmisctear le dlí an Aontais, eadhon náisiúntacht, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, tréithe gnéis, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, agus aicme shocheacnamaíoch; de bhrí go bhfuil an baol ann go bhfulaingeoidh grúpaí áirithe ciapadh ag an obair go háirithe amhail mná ó phobail chiníocha, ón óige agus ó imircigh; de bhrí gur bhraith 21 % de dhaoine LGBTQIA+ go ndearnadh leithcheal orthu agus go bhfuil an céatadán níos airde fós i gcás daoine tras (35 %) agus idirghnéasacha (32 %)[16]; de bhrí gur tharla ciapadh ag an obair freisin do bheagnach cúigear as deichniúr atá i ngleic le hidirdhealú inscnebhunaithe, lena n-áirítear idirdhealú trasnach, i gcomparáid le beirt as gach deichniúr díobh siúd nach ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh ar bhonn inscne[17]; de bhrí go bhfuil céatadán na mban a thuairiscigh taithí mar sin le linn a saolré an-íseal; de bhrí gur íospartaigh ciaptha iad fir freisin agus gurb ionann iad agus 10 % d'íospartaigh an ghnéaschiaptha; de bhrí, i bhfianaise chogadh uafásach na Rúise ina ndearnadh ionsaí ar an Úcráin, go bhfuil dídeanaithe ón Úcráin, go háirithe mná, níos leochailí don teacht i dtír gnéasach lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dó, san ionad oibre;

F. de bhrí go bhfuil an cibearchiapadh, mar chineál cibearfhoréigin inscnebhunaithe, ag dul i méid i gcónaí mar thoradh ar úsáid fhorleathan an idirlín, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua agus na meáin shóisialta, rud a chuireann ar chumas déantóirí coire a bheith sábháilte faoi chumhdach anaithnideachta; de bhrí gur féidir le gnéaschiapadh ar líne a bheith, i measc nithe eile, ina chomhroinnt neamhthoiliúil d'ábhar pearsanta, cibearstalcaireacht, teacht i dtír, comhéigean nó bagairtí de chineál gnéasach, bulaíocht ghnéasach agus gnéasacht gan iarraidh; de bhrí go léirítear i suirbhé a rinneadh le déanaí go ndearnadh cibearchiapadh ar 13 % de mhná le cúig bliana anuas agus 8 % le 12 mhí anuas; de bhrí gur dócha go háirithe go mbeidh roinnt gairmeacha, amhail polaiteoirí, iriseoirí nó cearta na mban agus gníomhaithe LADTIA+, gníomhaithe ban in

[13] EIS, *Taithí foréigin agus ciaptha ag an obair: A global first survey*, An Ghinéiv, 2022.
[14] Eurostat, *Suirbhé an Aontais maidir le foréigean inscnebhunaithe in aghaidh na mban agus cineálacha eile foréigin idirphearsanta (EU-GBV) — na chéad torthaí — eagrán 2022.*
[15] EIS, *Taithí foréigin agus ciaptha ag an obair: An chéad suirbhé domhanda*, An Ghinéiv, 2022.
[16] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), *Foréigean in aghaidh na mban*, 2014.
[17] *Achar fada le dul le haghaidh chomhionannas LADTIA*, 2020.

eagraíochtaí sibhialta chearta an duine agus daoine poiblí eile ina n-íospartaigh foréigin ar líne agus cibirchiaptha; de bhrí gur cainníochtaíodh le déanaí i staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa an costas a bhaineann le cibearfhoréigean inscnebhunaithe a bheith idir EUR 49.0 agus EUR 89.3 billiún in aghaidh na bliana[18]; de bhrí gur féidir le cibearfhoréigean inscnebhunaithe agus cibearchiapadh éifeacht tosta a bheith aige ar mhná agus ar chailíní; de bhrí gur fhág cailín amháin as gach cúigear (19 %) úsáid ardáin meán sóisialta nó go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an úsáid sin, tar éis ciapadh a dhéanamh uirthi, agus gur athraigh duine as gach deichniúr (12 %) an bealach a gcuireann siad iad féin in iúl; de bhrí go ndeir níos mó ná aon trian (37 %) de chailíní ar de mhionlach eitneach iad agus a d'fhulaing mí-úsáid gur díríodh orthu mar gheall ar a gcine nó ar a n-eitneacht, agus go ndeir níos mó ná leath (56 %) díobh siúd a shainaithníonn iad féin mar LADTIA+ go ndearnadh ciapadh orthu mar gheall ar a bhféiniúlacht inscne nó a gclaonadh gnéasach[19];

G. de bhrí go bhfuil ciapadh forleathan ach tearcthuairiscithe; de bhrí gurb é ceann de na cúiseanna le tearcthuairisciú an ghnéaschiaptha ná easpa feasachta, atá bunaithe uaireanta ar easpa tuisceana ar thromchúis na saincheiste agus an bhfuil sé inphionóis de réir an dlí, mar gheall ar normalú an ghnéaschiaptha, easpa córas tuairiscithe éifeachtach, trédhearcach, iontaofa agus neamhspleách agus easpa eolais ar bhealaí le haghaidh tacaíocht d'íospartaigh, ach freisin eagla roimh bhearta díoltais, íospairt agus caillteanas post, chomh maith le steiréitíopaí a chuireann an milleán ar an íospartach seachas ar dhéantóir na coire; de bhrí, chun rochtain éasca ar chosaint iomchuí agus éifeachtach, leigheasanna agus tuairisciú agus nósanna imeachta sábháilte, cothroma agus éifeachtacha a áirithiú i gcásanna foréigin agus ciaptha i saol na hoibre, go bhfuil sé ríthábhachtach cosaint a thabhairt ar íospairt gearánach, íospartaigh, finnéithe agus sceithirí nó ar fhrithbheart ina gcoinne; de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag sceithirí maidir le gnéaschiapadh agus síceolaíoch, míbhainistiú agus idirdhealú a nochtadh san ionad oibre; de bhrí gur cosúil gur mó an seans go roinnfidh íospartaigh ar mná iad na heispéiris dhíobhálacha sin ná fir mar gheall ar an stiogma agus steiréitíopaí inscne; de bhrí go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha ag gach cineál ciaptha san ionad oibre ar shláinte fhisiciúil agus shíceolaíoch agus ar fholláine fostaithe agus, dá bhrí sin, gur cheart go mbeadh cosc agus cóireáil an chiaptha sin ina thosaíocht do gach fostóir chun timpeallacht oibre shábháilte a áirithiú;

H. de bhrí gur thosaigh na hinstitiúidí Eorpacha ag oiriúnú a rialacha agus a nósanna imeachta inmheánacha chun ciapadh a chosc, a shainaithint, a chomhrac agus píonóis a ghearradh ina leith ar bhealach níos éifeachtaí; de bhrí nach leor na bearta a rinneadh go dtí seo toisc go dtarlaíonn ciapadh fós in institiúidí uile AE, go bhfuil an tuairisciú fós íseal, nach dtugtar cúnamh cuí d'íospartaigh agus go bhfuil cultúr na saoirse ó phionós fós i bhfeidhm; de bhrí, ar an drochuair, nach ionad oibre sábháilte í Parlaimint na hEorpa, toisc go dtarlaíonn cásanna gnéaschiaptha agus cineálacha eile ciaptha go nuige seo; de bhrí gur cháin Parlaimint na hEorpa an gnéaschiapadh san institiúid agus in AE i rún uaithi i mí Dheireadh Fómhair 2017[20], agus gur glacadh seasaimh chomhchosúla

---

[18] Lomba, N., et al., *Foréigean inscnebhunaithe a chomhrac: Cibearfhoréigean*, Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, 2021.
[19] Pleanáil Idirnáisiúnta, *Saor a bheith ar líne? Taithí cailíní agus ban óg ar chiapadh ar líne*, 2020.
[20] Rún an 26 Deireadh Fómhair 2017 maidir le gnéaschiapadh agus mí-úsáid ghnéasach a chomhrac san Aontas (IO C 346, 27.9.2018, lch. 192).

in 2019[21] agus in 2021[22]; de bhrí, maidir le cur chun feidhme sásraí coisctheacha agus athchóirithe ar nósanna imeachta frithchiaptha ag Parlaimint na hEorpa, mar a iarradh ina rún an 16 Nollaig 2021 maidir le MeToo, go bhfuil drogall áirithe uirthi na glaonna sin a chur chun feidhme, rud a eascraíonn ní hamháin as aineolas ar fheiniméan an chiaptha ach freisin as easpa soiléireachta maidir le rialacha dlíthiúla na Parlaiminte atá ann cheana;

I. de bhrí go ndearna an domhan cúig bliana de ghluaiseacht MeToo a cheiliúradh i mí Dheireadh Fómhair 2022, agus mná agus íospartaigh ghnéaschiaptha eile á spreagadh chun labhairt amach, agus é mar aidhm feasacht a mhúscailt agus deireadh a chur leis an bhforéigean forleathan; de bhrí gur léirigh gluaiseacht MeToo méid agus cineál an ghnéaschiaptha agus gur spreag sí gluaiseacht idirnáisiúnta agus díospóireacht faoi na bunchúiseanna agus na freagairtí riachtanacha; de bhrí, ón am sin i leith, gur spreagadh an ghluaiseacht d'íospartaigh ar fud an domhain labhairt amach i réimsí éagsúla, lena n-áirítear sa pholaitíocht; de bhrí, in ainneoin na freagartha poiblí agus gur chuir roinnt Ballstát, cuideachtaí aonair, scoileanna agus gníomhaithe eile bearta chun feidhme chun an gnéaschiapadh a chosc agus a chomhrac, nach leor an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheist an ghnéaschiaptha tar éis cúig bliana de ghluaiseacht MeToo agus go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach chun deireadh a chur le ciapadh in AE;

J. de bhrí nach mór gnéaschiapadh agus cineálacha eile foréigin, iompar ionsaitheach nó gan iarraidh san ionad oibre a thuiscint mar shaincheist sláinte agus sábháilteachta seachas mar fhadhb aonair an íospartaigh; de bhrí nach gcosnaítear aon chuid de mhargadh an tsaothair ná den saol oibre ar ghnéaschiapadh, ach go bhfuil éagsúlacht sna teagmhais, mar aon leis na cineálacha ciaptha a d'fhéadfadh a bheith ag brath ar an earnáil nó ar an gcineál poist; de bhrí go bhfuil gnéaschiapadh san ionad oibre forleathan go háirithe in earnálacha ina bhfuil ardleibhéil conarthaí forbhásacha; de bhrí gur tosca riosca iad dálaí oibre, slándáil poist agus cineál oibre maidir le bheith neamhchosanta ar ghnéaschiapadh ag an obair; de bhrí gur féidir leis an gcómhargáil a bheith ina huirlis thábhachtach chun foréigean agus gnéaschiapadh a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe in ionaid oibre, ciapadh tríú páirtí, agus éifeachtaí an fhoréigin teaghlaigh ag an obair;

K. de bhrí, ina rúin roimhe seo, gur iarr an Pharlaimint go dtabharfaí isteach roinnt beart inmheánach nithiúil lena n-áirítear oiliúint éigeantach maidir le cosc ar chiapadh a thabhairt isteach do gach Feisire a luaithe a rachaidh siad i mbun oifige ag tús a sainordaithe agus don fhoireann uile, agus cur chuige neamhfhulaingthe a thabhairt isteach ach, roinnt blianta ina dhiaidh sin, nach bhfuil ach fíorbheagán de na bearta nithiúla sin curtha chun feidhme go hiomlán agus gur gá tuilleadh a dhéanamh; de bhrí gur shonraigh Seirbhís Dlí na Parlaiminte, sa tuairim uaithi, nach ndéanfadh tabhairt isteach oiliúna éigeantach coiscthe ciaptha d'Fheisirí difear d'fheidhmiú a sainordú saor agus neamhspleách; de bhrí go léirítear i dtaighde nach mór oiliúint chiaptha a chomhlánú le hoiliúint do sheallaigh, lena mbaintear torthaí níos fearr amach nuair a

[21] Rún an 28 Samhain 2019 maidir le haontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl agus bearta eile chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac (OJ C 232, 16.6.2021, p. 48).
[22] Rún an 16 Nollaig 2021 maidir le MeToo agus ciapadh – na hiarmhairtí d'institiúidí an Aontais ((IO C 251, 30.6.2022, lch. 138).

dhírítear í ar an leibhéal bainistíochta agus ar an bhfoireann freisin;

L. de bhrí gur cheart do na hinstitiúidí Eorpacha i gcoitinne agus do Pharlaimint na hEorpa go háirithe, mar reachtóir agus mar fhostóir, a bheith ina dea-eiseamláir do na Ballstáit agus do gach fostóir; de bhrí go bhfuil freagracht ar leith ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, mar ionadaithe díreach tofa shaoránaigh AE agus mar reachtóirí, a ndualgais a chomhlíonadh agus na caighdeáin is airde agus dlí AE á n-urramú acu;

***Barúlacha ginearálta***

1. á mheabhrú gur bunluach de chuid AE é an comhionannas inscne agus nach mór é a phríomhshruthú i mbeartais, gníomhaíochtaí agus cláir uile AE; á chur in iúl gur oth léi an dul chun cinn mall i dtreo comhionannas inscne in AE agus á mheabhrú go bhfuil an foréigean inscnebhunaithe ina chúis agus ina iarmhairt ar neamhionannas inscne; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le feabhsú agus á áitiú go bhfuil AE agus a Bhallstáit lántiomanta do dhlús a chur leis an dul chun cinn lena n-áirítear trí phríomhshruthú inscne agus buiséadú inscne a chur chun feidhme i mbeartais, i ngníomhaíochtaí agus i gcláir uile AE; ag cáineadh go láidir gach cineál foréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean gnéasach, agus gach cineál ciaptha, go háirithe gnéaschiapadh;

2. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún togra a thíolacadh, ar bhonn Airteagal 83(1) CFAE, le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena sainaithnítear foréigean inscnebhunaithe mar réimse nua coireachta; ag athdhearbhú go bhfuil AE tiomanta dul i ngleic leis an bhforéigean inscnebhunaithe agus á chur in iúl gur geal léi an togra le haghaidh Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (COM(2022)0105); á chur in iúl gur geal léi suirbhé na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha (FRA) maidir le foréigean in aghaidh na mban a rinneadh in 2014, agus á chur in iúl gur geal léi suirbhé nua FRA uile-Aontais atá beartaithe do 2024; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé sonraí maidir le foréigean inscnebhunaithe atá imdhealaithe go minic a bhailiú chun scála na saincheiste a mhapáil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gach rud is gá a dhéanamh chun é sin a bhaint amach;

3. ag athdhearbhú a hiarrata ar AE agus ar na Ballstáit uile Coinbhinsiún Iostanbúl a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac a dhaingniú go pras, i gcomhréir le tuairim 2021 ón gCúirt Bhreithiúnais, lena mbunaítear sraith caighdeán arb é is aidhm dóibh foréigean inscnebhunaithe a chosc, íospartaigh a chosaint agus pionós a chur ar dhéantóirí coire; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit a áirithiú go n-áireofar gnéaschiapadh mar chion coiriúil i réimse na hoibre, de réir threoracha frith-idirdhealaithe AE atá ann cheana, agus in aon réimse eile den saol, i gcomhréir le Coinbhinsiún Iostanbúl, agus tagairt a dhéanamh don sainmhíniú ar chiapadh in Airteagal 40 de Choinbhinsiún Iostanbúl ina reachtaíocht ábhartha dá réir sin; á chur in iúl go bhfuil sí suite de gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit frithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne a chomhrac trí rialacha agus beartais nithiúla, éifeachtúla agus uaillmhianacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le foréigean inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear ciapadh síceolaíoch, fisiciúil agus gnéasach;

4. ag cáineadh go láidir gach cineál ciaptha, go háirithe gnéaschiapadh; á thabhairt dá haire gur feiniméan forleathan agus díobhálach é ciapadh i ngach réimse den saol

príobháideach agus poiblí; á chur i bhfáth gur sárú ar chearta an duine é ciapadh a tharlaíonn ag an obair agus gur féidir iarmhairtí tromchúiseacha a bheith aige do shláinte fhisiciúil agus shíceolaíoch na marthanóirí, rud a fhágann go mbraitheann siad míchompordach agus neamhdhaingean ag an obair, agus in a lán cásanna, cosc a chur orthu a gcuid oibre a dhéanamh; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an gcibearfhoréigean san ionad oibre, ós rud é go bhfuil tionchar ollmhór aige ar mheabhairshláinte na n-íospartach; á chur i bhfios nach mór aird ar leith a thabhairt ar mhná agus ar chailíní atá ag teitheadh ó chogadh amhail mná ón Úcráin;

***Gnéaschiapadh agus gluaiseacht MeToo sna Ballstáit***

5. ag tacú go láidir le gluaiseacht idirnáisiúnta MeToo, a bhunaigh an gníomhaí Tarana Burke den chéad uair in 2006 chun cabhrú le híospartaigh foréigin ghnéasaigh, agus leathadh ar fud an domhain in 2017 tar éis go ndearnadh mearscaipeadh ar MeToo; ag moladh na milliúin daoine a tháinig chun cinn lena scéalta foréigin ghnéasaigh chun an tost a bhriseadh agus ceartas a lorg; á thabhairt dá haire ó tháinig MeToo chun tosaigh in 2017 i roinnt Ballstát agus, ina dhiaidh sin, go bhfuil athruithe déanta ag rialtais agus eagraíochtaí chun dul i ngleic leis an bhforéigean gnéasach, chun cabhrú le híospartaigh agus chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí diúltacha don tsochaí; á thabhairt dá haire, áfach, gur beag dul chun cinn a rinneadh i roinnt Ballstát i ndáil leis sin, nó nach ndearnadh aon dul chun cinn ina leith sin; á iarraidh ar na Ballstáit reachtaíocht agus beartais lena dtéitear i ngleic le foréigean gnéasach agus gnéaschiapadh inár sochaí a dhearadh agus a chur chun feidhme go réamhghníomhach;

6. á thabhairt chun suntais nach ndéantar gnéaschiapadh agus foréigean a shainiú go coitianta agus a choiriúlú in AE, rud a chruthaíonn cearta agus cosaint ilroinnte d'íospartaigh ar fud na mBallstát, lena léirítear an gá atá le cur chuige coiteann AE is féidir a bhaint amach trí fhoréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar Choireacht AE; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún togra a thíolacadh, ar bhonn an tríú fomhír d'Airteagal 83(1), CFAE, le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena sainaithnítear foréigean inscnebhunaithe mar réimse nua coireachta agus go nglacfadh an Chomhairle an cinneadh; á iarraidh ar na Ballstáit prótacail ghníomhaíochta chaighdeánaithe atá íogair ó thaobh inscne de a sholáthar chun tacú le híospartaigh uile an ghnéaschiaptha, lena n-áirítear íospartaigh ghnéaschiaptha trasteorann; á iarraidh ar na Ballstáit sásraí agus nósanna imeachta tuairiscithe éifeachtacha a áirithiú i gcásanna foréigin agus ciaptha i saol na hoibre, bearta riachtanacha a bhunú lena gcosnaítear íospairt gearánaigh, íospartaigh, finnéithe agus sceithirí, nó frithbheart ina gcoinne, chun rúndacht agus príobháideachas na ndaoine sin lena mbaineann a chaomhnú, agus chun a ráthú nach mbainfear mí-úsáid as ceanglais maidir le príobháideachas agus rúndacht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit acmhainní iomchuí a chur ar fáil chun bunú agus leanúnachas spásanna sábháilte san ionad oibre a chur chun cinn, ar líne agus as líne araon, go háirithe spásanna sábháilte inscne aonair, ina bhféadfadh mná ina n-éagsúlacht thrasnach uile dul chun cinn a dhéanamh chun faisnéis a mhalartú, líonraí pobail a thógáil agus tacaíocht piaraí a fháil, agus é mar aidhm leis sin gach bean a chumhachtú agus a ardú;

7. á iarraidh ar na Ballstáit tacar cuimsitheach rialacha íosta a leagan síos, lena dtugtar aghaidh ar fhadhb leanúnach an ghnéaschiaptha agus an chiaptha shíceolaíoch ar bhealach iomlánaíoch agus lena bhfreastalaítear ar riachtanais shonracha íospartaigh an

fhoréigin sin; á chur i bhfáth gur gá dálaí nua na cianoibre agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 ina dhiaidh sin a chur san áireamh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag an reachtaíocht maidir le gnéaschiapadh agus foréigean san ionad oibre a chomhrac agus nach mbeidh an toradh inmhianaithe mar thoradh ar reachtaíocht gan cur chun feidhme cuí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar dlíthe i gcoinne gnéaschiaptha san ionad oibre a thabhairt cothrom le dáta chun mná atá ag obair go cianda ar mhí-úsáid ar líne a chosaint; á iarraidh ar na Ballstáit riachtanais na mban agus na gcailíní maidir le sábháilteacht agus slándáil a chur san áireamh agus iad ag taisteal go dtí an obair agus ón obair trí sheirbhís iompair phoiblí shábháilte chomh maith le soilsiú sráide leormhaith agus inbhuanaithe a áirithiú;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhar le Eurostat agus leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), taighde maidir le cleachtais fhianaise-bhunaithe a fheabhsú, a chur chun cinn agus a áirithiú agus bailiú córasach sonraí inchomparáide ábhartha, anaithnidithe, inscne agus aoise maidir le cásanna gnéaschiaptha agus idirdhealaithe inscnebhunaithe agus ciaptha shíceolaíoch, lena n-áirítear cibearchiapadh, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, chomh maith le cúiseanna agus iarmhairtí an ghnéaschiaptha, lena n-áirítear an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag fógraí gnéasaíocha agus steiréitíopáilte ar mhinicíocht foréigin agus ciaptha; á mheabhrú go gceanglaítear le dlí AE ar na Ballstáit, ar institiúidí agus ar ghníomhaireachtaí AE a áirithiú go bhfuil comhlacht comhionannais i bhfeidhm chun cúnamh neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh an chiaptha, suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh, sonraí ábhartha, anaithnidithe, inscne agus aoise imdhealaithe agus inchomparáide a bhailiú, taighde a dhéanamh ar shainmhínithe agus aicmithe, tuarascálacha neamhspleácha a fhoilsiú agus moltaí a dhéanamh maidir le hábhair fostaíochta agus oiliúna, maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, agus do dhaoine féinfhostaithe; á chur in iúl gur geal léi an togra nua le haghaidh dhá Threoir ón gCoimisiún Eorpach an 7 Nollaig 2022 arb é is aidhm dóibh caighdeáin cheangailteacha a bhunú do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne; á iarraidh ar na Ballstáit feasacht a mhúscailt maidir le hobair na gcomhlachtaí comhionannais a dhéanann faireachán ar chleachtais idirdhealaitheacha trí acmhainní leordhóthanacha atá leordhóthanach chun a bhfeidhmiú éifeachtach a áirithiú;

9. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ciapadh síceolaíoch agus gnéasach san ionad oibre neamhdhleathach agus gur féidir le déantóirí coire a bheith faoi réir imeachtaí coiriúla agus/nó riaracháin; ag moladh gur cheart d'fhostóirí dul i gcomhairle le seirbhísí comhairleoireachta seachtracha a sholáthraíonn comhairle maidir le haghaidh a thabhairt go leormhaith ar chiapadh san ionad oibre chun timpeallacht oibre shábháilte a áirithiú, iad a chur ar an eolas faoi na réitigh dhlíthiúla atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear bearta araíonachta, agus foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht idir-réiteach luath agus comhairle dhlíthiúil agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh; ag moladh nár cheart 'luath-idir-réiteach' a dhéanamh ach amháin más mian leis an íospartach, ós rud é go dtairgtear faisnéis chuimsitheach agus tacaíocht dóibh roimh an idir-réiteach agus gur féidir leo stop a chur leis an bpróiseas ag céim ar bith; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh gach oibrí, ag tús a gconartha, faisnéis maidir le nósanna imeachta agus beartais frithchiaptha atá i bhfeidhm, cearta na n-oibrithe i gcásanna ciaptha agus foréigin ina gcoinne san ionad oibre agus rochtain a fháil ar sheirbhísí

comhairleoireachta seachtracha; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú, malartú agus comparáid a dhéanamh ar dhea-chleachtais atá ann cheana maidir le gnéaschiapadh san ionad oibre a chomhrac agus torthaí an mheasúnaithe sin a scaipeadh a mhéid a bhaineann leis na bearta éifeachtacha a d’fhéadfadh na Ballstáit a dhéanamh chun cuideachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí atá rannpháirteach sa ghairmoiliúint a spreagadh chun gach cineál idirdhealaithe inscnebhunaithe a chosc, go háirithe maidir le ciapadh agus gnéaschiapadh san ionad oibre; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir sásraí cistiúcháin do chláir chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac a úsáid chun feasacht a mhúscailt agus chun tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean in aghaidh na mban, lena n-áirítear gnéaschiapadh;

10. á iarraidh ar na Ballstáit daoine de gach inscne agus féiniúlacht inscne a spreagadh chun gnéaschiapadh a chomhrac agus chun páirt ghníomhach a ghlacadh san athrú sóisialta; á mheas go mbaineann gnéaschiapadh le daoine de gach inscne, agus leis an tsochaí ina hiomláine; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, go bhfuil ról lárnach ag fir agus ag buachaillí maidir le deireadh a chur le gach cineál ciaptha agus gnéaschiaptha; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit agus ar na gníomhaithe uile a áirithiú go mbeidh ról gníomhach agus dearfach ag fir agus buachaillí maidir le deireadh a chur le gach cineál ciaptha agus gnéaschiaptha, agus le cineálacha eile mí-úsáide agus foréigin, lena n-áirítear rannpháirtíocht i bhfeachtais múscailte feasachta agus coiscthe, agus é á chur san áireamh go mbaineann déantóir fireann le 82 % de theagmhais gnéaschiaptha in aghaidh na mban; á iarraidh ar na Ballstáit oideachas gnéasachta cuimsitheach a chur ar fáil do chách, lena n-áirítear buachaillí agus fir, chun gnéaschiapadh agus mí-úsáid ghnéasach lena n-áirítear gnéaschiapadh agus mí-úsáid de chineál LADTIA+ fóibeach a aithint agus a chosc;

11. á chur i bhfios go láidir gur féidir ról tábhachtach a bheith ag comhpháirtithe sóisialta maidir le haghaidh a thabhairt ar chiapadh ag an obair, lena n-áirítear gnéaschiapadh agus cibearfhoréigean ag an obair; á iarraidh ar na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, a áirithiú go ndéanfaidh fostóirí bearta iomchuí chun timpeallacht oibre shábháilte agus tacaíocht a sholáthar d’íospartaigh agus chun aghaidh a thabhairt ar chásanna gnéaschiaptha, cibearfhoréigin agus foréigin tríú páirtí ag an obair; á chur i bhfáth nach mór cosc a chur ar fhostóirí oibrithe ar íospartaigh gnéaschiaptha iad a dhíbhe, a idirdhealú nó a dhí-idirdhealú ar bhealach ar bith; á thabhairt chun suntais sa chomhthéacs sin gur cheart go mbeadh sé de cheart ag oibrithe tacaíocht a fháil ó cheardchumann agus ó ionadaí sláinte agus sábháilteachta an ionaid oibre; á iarraidh ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cómhargáil a chur chun cinn maidir le cleachtais san ionad oibre maidir le cásanna gnéaschiaptha a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear trí ardú feasachta agus oiliúint a chur ar oibrithe agus ar fhostóirí, ar ionadaithe ceardchumainn agus ar ionadaithe sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre; ag aithint go bhfuil ról atá ag ESSanna agus ag líonraí gnó maidir le gnéaschiapadh ag an obair a chosc agus aghaidh a thabhairt air, lena n-áirítear trí fheasacht a mhúscailt agus trí chúnamh a thabhairt d’íospartaigh;

12. á thabhairt chun suntais gurb iad Coinbhinsiún EIS maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) agus Moladh (Uimh. 206) na chéad chaighdeáin idirnáisiúnta saothair chun creat comhchoiteann a sholáthar chun foréigean agus ciapadh i saol na hoibre a chosc, a leigheas agus a dhíothú, lena n-áirítear foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe;

á iarraidh ar na Ballstáit nach bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe acu go fóill é sin a dhéanamh gan mhoill;

***Ciapadh in institiúidí an Aontais Eorpaigh***

13. á chur in iúl go bhfuil sí suite de gur cheart do na hinstitiúidí Eorpacha iad féin a iompar mar fhostóirí eiseamláireacha, caighdeáin neamhfhulaingthe a bhunú i dtreo aon chineál ciaptha, obair ghníomhach a dhéanamh ar chosc ciaptha, cosaint leormhaith d'íospartaigh agus sásra tacaíochta iomlánaíoch, cur i gcoinne gach cineál idirdhealaithe, a rialacha a chur chun feidhme go docht agus smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorfheidhmiú; á chreidiúint go bhfuil dálaí maithe oibre agus timpeallacht shábháilte urramach riachtanach chun éifeachtacht obair institiúidí AE a áirithiú;

14. á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin an dul chun cinn a thionscain gluaiseacht MeToo, lena n-áirítear gluaiseacht MetooAE, a chuidigh leis an tost a bhriseadh agus lena n-ardaítear a thábhachtaí atá sé beartais frithchiaptha níos fearr a chur chun feidhme, go dtarlaíonn cásanna gnéaschiaptha fós ar fud AE agus laistigh de na hinstitiúidí Eorpacha, lena n-áirítear an Pharlaimint, agus nach dtugtar dóthain tacaíochta agus cosanta d'íospartaigh; á mheabhrú go ndearna na cásanna sin scáth a tharraingt ar fheidhmiú na n-institiúidí Eorpacha agus go mbaineann siad an bonn de mhuinín shaoránaigh AE iontu;

15. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cosc, oiliúint speisialaithe fhadtéarmach, iarrachtaí faisnéise agus múscailte feasachta, beartas neamhfhulaingthe maidir le ciapadh a chur chun cinn agus cúnamh comhairleach agus síceolaíoch a chur ar fáil d'íospartaigh, chomh maith le comhairle maidir le teagmhálacha póilíneachta agus atreoruithe chuig soláthraithe leasa dhlíthiúil; á chur in iúl gur geal léi feachtais rialta coiscthe ciaptha le póstaeir agus bróisiúir nuashonraithe chun a mheabhrú do na Feisirí agus don fhoireann go bhfuil siad freagrach as a n-iompar eiseamláireach a áirithiú; á chur i bhfáth nach mór é a bheith d'aidhm ag bearta coisctheacha go háirithe mná a chumhachtú agus tacú le fir chun dúshlán a thabhairt do steiréitíopaí díobhálacha inscne, oideachas a chur orthu maidir le coincheap an toilithe, comhionannas inscne do thimpeallacht shábháilte oibre a chur chun cinn, gach duine a spreagadh chun gníomhú mar eiseamláirí dearfacha i dtreo sochaí atá saor ó fhoréigean inscnebhunaithe; á mheas gur cheart na feachtais atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus a threisiú go rialta, go háirithe maidir le ciapadh trasnach agus gnéaschiapadh ionas nach féidir aineolas nó 'easpa feasachta' a lua mar leithscéal chun na rialacha a shárú go neamhnáireach;

16. á thabhairt dá haire go bhfuil cásanna ciaptha gnéis agus síceolaíochta fós tearcthuairiscithe sa Pharlaimint toisc nach n-úsáideann íospartaigh na bealaí atá ann cheana, ar chúiseanna amhail náire, eagla roimh fhrithbheart, mímhuinín ghinearálta i láimhseáil cásanna ciaptha ag na coistí inniúla a bhíonn ag déileáil le gearáin chiaptha, easpa córais chuimsithigh tuairiscithe, tacaíochta agus cúraim do na híospartaigh bunaithe ar chaighdeáin chearta an duine, eagla go ndéanfaí dochar do chaidrimh ag an obair nó go mbeadh tionchar diúltach acu ar ghairm bheatha an ghearánaigh, nó nach gcreidfí ná nach dtabharfaí aird ar an tuarascáil; á mheas go léirítear go soiléir leis sin an gá atá le hiarrachtaí breise chun feasacht a mhúscailt maidir le nósanna imeachta

tuairiscithe agus tacaíocht d'íospartaigh maidir le gach cineál ciaptha a chosc;

17. á thabhairt dá haire go bhfuil struchtúir fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla ann i bParlaimint na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ciaptha agus go háirithe trí chúnamh comhairleach, dlíthiúil agus síceolaíoch a chur ar fáil d'íospartaigh, lena n-áirítear feachtais faisnéise lenar féidir le híospartaigh samplaí ciaptha a aithint; á iarraidh go ndéanfar na struchtúir sin, a n-inniúlachtaí agus a gcomhdhéanamh a chur chun cinn, a infheictheacht, a neartú agus a ngairmiú ar bhealach níos fearr chun a áirithiú gur féidir le gach íospartach tuairisciú faoi mhuinín agus faoi shlándáil; á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh roinnt grúpaí polaitiúla, a chinn comhairleoirí rúnda oilte agus ombudsman inmheánacha a chur ar bun ar féidir le híospartaigh ciaptha a gcás a thuairisciú dóibh agus tacaíocht, comhairle agus treoir a fháil i ngach rúndacht; ag cur béim ar an bhfíoras gur cuireadh na struchtúir sin i ngrúpaí polaitiúla chun feidhme chun struchtúir Pharlaimint na hEorpa atá ann cheana a chomhlánú, seachas dul timpeall orthu, ar gá iad a athbhreithniú chun an tacaíocht is fearr a thabhairt d'íospartaigh; á iarraidh go ndéanfar dea-chleachtais a mhalartú idir grúpaí polaitiúla maidir le gnéaschiapadh agus cineálacha eile ciaptha a chosc agus a chomhrac; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag tuairisciú ciaptha in institiúidí AE do ghairm na ngearánach; á thabhairt chun suntais freisin go bhfuil easpa sonraí trédhearcach lena n-urramaítear príobháideachas maidir le líon na gcásanna ciaptha san institiúid;

18. á mheabhrú go bhfuil sé d'oibleagáid atá ar gach ceann de na hinstitiúidí Eorpacha na beartais uile is gá agus prótacail chaighdeánaithe ghníomhaíochta atá íogair ó thaobh inscne de a chur i bhfeidhm chun gach cineál ciaptha agus foréigin a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu, agus ag tathant orthu a áirithiú go ráthófar leis na rialacha uile atá i bhfeidhm cur chuige neamhfhulaingthe maidir le haon chineál mí-iompair agus tacaíocht agus cosaint iomlán do gach íospartach; á thabhairt chun suntais go bhfuil dualgas eiseamláireachta ar na feisirí tofa, na foirne polaitiúla agus na n-oifigeach ar gach leibhéal; á iarraidh ar na hinstitiúidí Eorpacha a rialacha agus a mbeartais inmheánacha a neartú chun a áirithiú, i gcásanna ciaptha síceolaíochta nó gnéaschiaptha agus/nó foréigin, nach é amháin atá sna smachtbhannaí ar dhéantóir líomhnaithe freagrachtaí agus tairbhí gaolmhara a chur ar fionraí go sealadach fad na fionraí, ach freisin aistarraingt iomlán a dtuarastal agus a gconradh fostaíochta a fhoirceannadh má chruthaítear go bhfuil sé ciontach;

19. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar bheartais frithchiaptha in institiúidí éagsúla AE tar éis do ghluaiseacht MeToo a bheith curtha ar bun; á thabhairt dá haire, áfach, gur féidir feabhsuithe a dhéanamh i ngach institiúid chun cosaint agus tacaíocht níos fearr a thabhairt d'íospartaigh agus pionó a ghearradh ar dhéantóirí na coire; go háirithe i gcás Pharlaimint na hEorpa, á mheabhrú nach mór d'aon chreat dlíthiúil díspreagthach prionsabal comhréireachta na bpionós de chuid dhlí AE a chomhlíonadh agus á thabhairt chun suntais gurb ionann an pionós uasta atá ann faoi láthair i leith sáruithe ar na rialacha agus fionraí aon mhí amháin den liúntas laethúil nó fionraí gníomhaíochta mí amháin d'Fheisirí Eorpacha, ar féidir é a dhúbailt i gcás sáruithe leantacha; á thabhairt dá haire nach bhfuil na smachtbhannaí sin comhréireach i bhfianaise an damáiste thromchúisigh a d'fhulaing íospartaigh an chiaptha; á iarraidh, dá bhrí sin, go neartófaí na smachtbhannaí trí athbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacha Nós Imeachta chun a áirithiú go dtabharfar

aghaidh i gceart agus go comhréireach i raon feidhme na bpionós ar dhéine an damáiste a dhéantar d'íospartaigh an chiaptha ghnéasaigh agus shíceolaíoch;

20. á chreidiúint go bhféadfadh na cásanna ciaptha laistigh d'institiúidí AE difear a dhéanamh do bhuiséad AE, agus, dá bhrí sin, gur cheart iad a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an t-urscaoileadh buiséadach a dheonú don institiúid lena mbaineann nó gan é a dheonú di; á iarraidh freisin go mbeidh creat níos cosantaí agus bearta tacaíochta nua ann d'íospartaigh an chiaptha, go háirithe tacaíocht shíceolaíoch fad atá an nós imeachta ar siúl;

21 ag spreagadh institiúidí agus gníomhaireachtaí uile AE a ndea-chleachtais maidir le beartais fhrithchiaptha, treoirlínte nó aon fhorálacha nua maidir le sásraí agus straitéisí chun déileáil le chéile a mhalartú agus a chur i gcomparáid go rialta lena gcuirfí comhionannas inscne chun cinn freisin;

22. á iarraidh ar institiúidí uile AE líonra comhairleoirí rúnda agus idirghabhálaithe seachtracha a thabhairt isteach chun treoir agus tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh an ghnéaschiaptha, agus ag spreagadh comhar idir comhairleoirí rúnda i gcomhlachtaí éagsúla AE, rud atá bunriachtanach do chomhlachtaí beaga a bhfuil níos lú ball foirne acu chun tacaíocht leormhaith a chur ar fáil;

23. á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar ghnéaschiapadh trasnach, trí thimpeallacht chuimsitheach mheasúil a chruthú, ina gcuirtear meas ar gach duine den phobal agus ina gcaitear leo le dínit, gan beann ar a gcine, a n-inscne, a n-aois, a ngnéaschlaonadh, a bhféiniúlacht inscne, a léiriú inscne, a dtréithe gnéis, a míchumas nó a saintréithe eile; á thabhairt dá haire gur cheart go mbeadh fadhb an ghnéaschiaptha thrasnaigh ina hábhar imní don tsochaí ina hiomláine; á thabhairt dá haire go bhfuil sé tábhachtach beartas cuimsitheach frith-idirdhealaithe agus frithchiaptha a bheith ann lena gcuirtear san áireamh trasnaíocht agus taithí uathúil grúpaí imeallaithe; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí oideachais, oiliúna agus múscailte feasachta lena dtugtar aghaidh ar an trasnaíocht agus ar riachtanais shonracha grúpaí imeallaithe a chur ar fáil d'fhoireann agus do chomhaltaí na n-institiúidí Eorpacha;

24. á chur in iúl gur geal léi gur ceanglaíodh ar na Feisirí Eorpacha, den chéad uair, dearbhú a shíniú lena ndeimhnítear a dtiomantas an Cód Iompair Iomchuí a chomhlíonadh, ina bhfuil míreanna follasacha maidir le ciapadh; á mheabhrú, mar sin féin, nach bhfuil na bearta reatha chun aghaidh a thabhairt ar ghnéaschiapadh láidir go leor agus nach n-áirítear leo na gníomhaíochtaí uile a iarradh i rúin roimhe seo; sa chiall sin, á iarraidh ar riarachán na Parlaiminte agus ar an mBiúró iad a ghlacadh agus a chur chun feidhme agus á iarraidh ar an Uachtarán agus ar an Ardrúnaí an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcur chun feidhme a chur i láthair ag cruinniú poiblí den Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM); á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil cásanna gnéaschiaptha ann go fóill sa Pharlaimint in ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh; á chur in iúl gur deimhin léi, áfach, toil pholaitiúil na Parlaiminte dul i ngleic le gnéaschiapadh agus cineálacha eile ciaptha laistigh agus lasmuigh den institiúid; á iarraidh go mbeadh tuilleadh trédhearcachta ann maidir le gach nós imeachta agus cur chun feidhme beart nithiúil ag ranna éagsúla ar an leibhéal polaitiúil agus riaracháin;

25. á chur in iúl gur geal léi an oiliúint um chiapadh a chosc a thairgtear d'Fheisirí, do bhainisteoirí in Ardrúnaíocht na Parlaiminte agus d'fhoireann na Parlaiminte; á chur in iúl go bhfuil sí suite de, áfach, nach leor rannpháirtíocht dheonach in oiliúint coiscthe ciaptha; á iarraidh go dtabharfaí isteach oiliúint éigeantach maidir le cosc ar chiapadh do gach Feisire ag tús gach téarma oifige agus do gach ball foirne, go háirithe gach leibhéal bainistíochta; á iarraidh go gcuirfí smachtbhannaí i gceangal le neamhchríochnú na hoiliúna sin agus leis an athbhreithniú ar na Rialacha Nós Imeachta i ndáil leis sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di líon íseal na bhFeisirí a d'fhreastail ar an oiliúint go dtí seo sa téarma seo, sa chaoi nach bhfuil an oiliúint curtha i gcrích ach ag 260 Feisire as 705 Fheisire, arb ionann é agus 36.9 % de na feisirí ar fad; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta chun a áirithiú go gcuirfidh na Feisirí an oiliúint coiscthe ciaptha i gcrích laistigh de thréimhse réasúnach ama; á iarraidh go mbeadh liosta poiblí ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa le Feisirí a bhfuil an oiliúint críochnaithe acu agus na Feisirí nach bhfuil an oiliúint sin curtha i gcrích acu, agus go bhfoilseofar deimhniú críochnaithe na hoiliúna sin ar leathanach aonair an Fheisire faoi seach; ag cur béim ar an ngá atá le hoiliúint a bheith ar fáil go minic i dteangacha uile an Aontais; á mheabhrú gur cheart go mbeadh smachtbhannaí comhréireach agus go n-urramódh siad stádas tofa an Fheisire agus a gceart a sainordú a fheidhmiú; á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcuirfeadh an oiliúint oideachas agus suaimhneas ar fhostaithe ionas go mbeidh siad in ann gníomhú i gcás iompraíocht mhíchuí agus cásanna ciaptha a d'fhéadfadh a bheith ann chun luathchomharthaí ciaptha a aithint agus idirghabháil a dhéanamh go tapa chun géarú a chosc;

26. á chur in iúl gur geal léi na bearta a cuireadh chun feidhme faoin 'Treochlár nuashonraithe chun bearta tacaíochta coisctheacha agus luatha a oiriúnú chun déileáil le coinbhleacht agus ciapadh idir FPEnna agus cúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe (APAnna), oiliúnaithe agus baill foirne eile' a ghlac an Biúró an 12 Márta 2018, agus an Plean Gníomhaíochta maidir le hInscne; á iarraidh go bhfeabhsófaí, ar bhonn rialta, múscailt feasachta do gach duine atá ag obair ar áitreabh na Parlaiminte faoin mbeartas frithchiaptha, chun na huirlisí a chur ar fáil dóibh chun gach cineál ciaptha a aithint agus chun é a thuairisciú; á iarraidh go mbeadh níos mó sonraí imdhealaithe ó thaobh inscne de ann chun a fháil amach a mhéid a dhéanann ciapadh difear d'fhostaithe laistigh de Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear béim ar leith ar phobal LADTIA+; á iarraidh go mbeadh sásra faireacháin ann chun an beartas sin a chur chun feidhme le rannpháirtíocht Choiste FEMM;

27. á thabhairt dá haire an obair atá déanta ag an gCoiste Chomhairligh maidir le Ciapadh agus a chosc san ionad oibre agus obair an Choiste Chomhairligh a dhéileálann le gearáin chiaptha a bhaineann le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa; á iarraidh an athuair go mbeadh trédhearcacht iomlán ann maidir leis an gcaoi a bhfuil an Pharlaimint ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna ciaptha, agus céannacht na ndaoine atá ag fulaingt á cosaint ag an am céanna, agus á iarraidh ar an dá choiste a dtuarascálacha faireacháin agus a measúnuithe riosca a dhréachtú agus a fhoilsiú gach bliain ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte; á iarraidh go ndéanfaí meastóireacht inmheánach bhliantúil chomh maith le meastóireacht neamhspleách ó iniúchóirí seachtracha arna roghnú i nós imeachta trédhearcach uair amháin ar a laghad in aghaidh an tsainordaithe agus á thabhairt chun suntais nach mór na torthaí sin a chur ar fáil don phobal; ag moladh, i gcomhréir lena rúin roimhe seo, go mbunófaí tascfhórsa saineolaithe neamhspleácha le sainordú chun scrúdú a dhéanamh ar staid an chiaptha ghnéasaigh agus na mí-úsáide

gnéasaí sa Pharlaimint agus meastóireacht a dhéanamh ar an gCoiste Comhairleach atá ann cheana a dhéileálann le gearáin idir APAnna agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le Ciapadh agus a Chosc san Ionad Oibre agus leis an gCoiste Comhairleach Foirne d'Fhoireann na Parlaiminte maidir le Ciapadh a Chosc; ag moladh go molfadh sé athruithe leormhaithe chun gairmiúlacht a áirithiú agus chun an sprioc neamhfhulaingthe a bhaint amach;

28. á iarraidh an athuair go ndéanfaí an dá choiste chomhairleacha a chumasc in aon choiste amháin a dhéileálann le cásanna ciaptha, le comhdhéanamh Caestóra amháin, beirt ionadaithe ón bhfoireann agus/nó coistí APA agus triúr saineolaithe gairmiúla amhail dochtúirí, teiripeoirí agus saineolaithe dlí i réimse an chiaptha chun comhdhéanamh cothrom, gairmiúil, cothrom a cheadú; á iarraidh go gcruthófaí clár stairiúil rúnda de chásanna, mar a iarradh cheana sna rúin ó 2017 agus 2021; á iarraidh go mbeidh sainordú soiléir agus próiseas roghnúcháin trédhearcach ann do chomhaltaí an choiste; ag moladh go gcruthófaí líonra tacaíochta marthanóirí deonacha chun tacaíocht agus treoir a chur ar fáil d'íospartaigh agus do mharthanóirí ciaptha;

29. á chur in iúl gurb oth léi gur féidir le nósanna imeachta lena ndéantar imscrúdú ar chiapadh líomhnaithe a bheith i gceist chomh fada le dhá bhliain ina ndéantar díobháil neamhriachtanach do na híospartaigh; á mheabhrú gur freagracht dhlíthiúil de chuid riarachán na Parlaiminte é imscrúdú a dhéanamh ar chásanna a thugtar os a comhair le dícheall cuí agus ar bhealach tráthúil; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an dá Choiste Comhairleacha a dhéileálann le gearáin chiaptha i bParlaimint na hEorpa cásanna a thugtar os a gcomhair a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir, laistigh de thréimhse sé mhí ar a dhéanaí, agus go gcuirfidh siad na páirtithe uile lena mbaineann ar an eolas go leanúnach maidir leis an nós imeachta; á iarraidh ar an Uachtarán an cinneadh maidir le smachtbhannaí a d'fhéadfadh a bheith ann a dhéanamh laistigh de shé seachtaine tar éis an tuarisc thosaigh a fháil agus an cinneadh sin a chur in iúl do na páirtithe uile lena mbaineann sula ndéanfar aon fhógra poiblí; á iarraidh ar an mBiúró airteagal a chur san áireamh maidir le teorainneacha ama forordaithe chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Cinneadh ón mBiúró an 2 Iúil 2018 prionsabail dhlí an Aontais maidir le deimhniú dlíthiúil agus dea-riarachán; á thabhairt chun suntais gur gá aird ar leith a thabhairt ar staid na n-oibrithe a bhfuil na conarthaí is lú cobhsaí acu agus ar chiapadh ar líne i bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar an teilea-obair;

30. á iarraidh ar na hinstitiúidí Eorpacha iniúchadh seachtrach a chur chun feidhme ar staid an chiaptha ina n-institiúidí, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta agus na córais atá ann cheana agus atá i bhfeidhm lena ndéileáiltear le cásanna ciaptha, chun toradh na dtorthaí a phoibliú agus chun athchóirithe a dhéanamh ar bhonn na moltaí ón iniúchadh;

31. á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá sceithirí i gcásanna ciaptha; ag athdhearbhú go bhfuil moladh déanta aici maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacháin Foirne, go háirithe Airteagal 22c, chun é a ailíniú le caighdeáin na Treorach maidir le Sceithirí; á iarraidh ar an mBiúró, idir an dá linn, athbhreithniú a dhéanamh láithreach ar Rialacha Inmheánacha na Parlaiminte chun Airteagal 22c de na Rialacháin Foirne a chur chun feidhme chun iad a thabhairt i gcomhréir; á iarraidh ar Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa staidéar a choimisiúnú ar an mbreisluach a bhaineann le hardáin sceithirí in ionaid oibre agus ar an gcaoi a bhféadfadh sé a bheith infheidhme laistigh d'institiúidí

AE, ar cheart a thorthaí agus a moltaí a chur i láthair i gceardlann nó in éisteacht le malartuithe tuairimí i gcoistí ábhartha de chuid na Parlaiminte;

32. á iarraidh arís ar an Ombudsman Eorpach faisnéis chomhleanúnach a sholáthar ar bhonn bliantúil do Ghrúpa Ardleibhéil na Parlaiminte um Chomhionannas Inscne agus Éagsúlacht agus do Choiste FEMM maidir le gearáin faoi dhrochriarachán a bhaineann le comhionannas inscne sa Pharlaimint agus in institiúidí eile AE;

°

° °

33. á threorú dá hUachtarán an rún sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.4.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 0<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Robert Biedroń, Annika Bruna, Margarita de la Pisa Carrión, Gwendoline Delbos-Corfield, Frances Fitzgerald, Lina Gálvez Muñoz, Lívia Járóka, Arba Kokalari, Alice Kuhnke, Radka Maxová, Karen Melchior, Johan Nissinen, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Maria Veronica Rossi, Christine Schneider, Sylwia Spurek, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Lena Düpont, Heléne Fritzon, Michiel Hoogeveen, Ewa Kopacz, Eleni Stavrou, Vera Tax, Irène Tolleret |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Martin Hojsík, Marisa Matias, Maite Pagazaurtundúa |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 28 | + |
|---|---|
| ID | Annika Bruna |
| PPE | Isabella Adinolfi, Lena Düpont, Frances Fitzgerald, Arba Kokalari, Ewa Kopacz, Christine Schneider, Eleni Stavrou, Elissavet Vozemberg-Vrionidi |
| Renew | Martin Hojsík, Karen Melchior, Maite Pagazaurtundúa, Samira Rafaela, Irène Tolleret, Marco Zullo |
| S&D | Robert Biedroń, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Radka Maxová, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Evelyn Regner, Vera Tax |
| The Left | Marisa Matias |
| Verts/ALE | Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 5 | 0 |
|---|---|
| CLE | Michiel Hoogeveen, Johan Nissinen, Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Maria Veronica Rossi |
| NI | Lívia Járóka |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh